**Alexei Navalny, buaiteoir Dhuais Sakharov 2021**

Bronnadh Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta, duais de chuid Pharlaimint na hEorpa, ar Alexei Navalny in 2021. Bunaíodh an Duais in 1988 agus ainmníodh í in onóir an fhisiceora agus an easaontóra pholaitiúil, Andrei Sakharov, ón Aontas Sóivéadach. An aidhm atá léi ná aitheantas a thabhairt do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí a dhéanann cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint.

Ba dhuine de na daoine is mó a labhair amach i gcoinne an rialtais sa Rúis é Navalny. Bhí cáil air as éilliú a nochtadh agus as an Uachtarán Vladimir Putin a cháineadh. Cailleadh é i gcúinsí mistéireacha an 16 Feabhra 2024 i gcoilíneacht phionóis iargúlta san Artach.

Rugadh Alexei Navalny in 1976. Ba dhlíodóir, blagálaí agus gníomhaí polaitiúil é. Bhain sé clú idirnáisiúnta amach nuair a d'eagraigh sé léirsithe in aghaidh rialtas na Rúise. Chomh maith leis sin, sheas sé i dtoghcháin agus labhair sé amach i bhfabhar athchóiriú sa tír a chuirfeadh deireadh leis an gcaimiléireacht. Ba dhuine é a rinne cáineadh géar ar Vladimir Putin.

Gabhadh é i lár mhí Eanáir 2021, nuair a d'fhill sé ar an Rúis tar éis teacht chuige féin tar éis a bheith an-bhreoite ó nimhiú leis an tsubstaint Novichok.

Chaith Navalny níos mó ná mí in Ospidéal Ollscoil Charité i mBeirlín idir mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair 2020. Chaith sé an chuid is mó den tréimhse sin san aonad dianchúraim. Nuair a tháinig sé chuige féin, d'éirigh leis a fháil amach cérbh iad na daoine ar chreid sé féin a bhí páirteach sa nimhiú. Lig sé air féin gurbh oifigeach slándála é, agus mheall sé ráiteas ó ghníomhaí stáit a d'admhaigh gur nimh cheimiceach a úsáideadh. Chuir Navalny i leith rialtas na Rúise go raibh siad freagrach as an nimhiú, ach shéan an rialtas na líomhaintí.

Tar éis cinneadh ó Chomhdháil na nUachtarán agus ceannairí na ngrúpaí polaitiúla i bParlaimint na hEorpa, fógraíodh Alexei Navalny mar bhuaiteoir Dhuais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta 2021 ag an dara suí iomlánach i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Tráth an fhógartha, dúirt Heidi Hautala, Leas-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa:

'Tá sár-chrógacht léirithe ag Alexei Navalny agus é ag iarraidh ceart na saorthola a thabhairt ar ais do mhuintir na Rúise. Chaith sé na blianta fada ag troid ar son chearta an duine agus ar son saoirsí bunúsacha sa tír. Sin é a d'fhág é féin faoi dhaoirse agus a chuir a bheatha i mbaol. Thar ceann Pharlaimint na hEorpa, táim ag éileamh go ligfí saor é – láithreach agus gan aon choinníoll.'

Tar éis an tsearmanais bronnta i mí na Nollag 2021, dúirt David Sassoli, Uachtarán na linne ar Pharlaimint na hEorpa:

‘Ciallaíonn bronnadh Dhuais Sakharov inniu chomh maith go bhfuil éileamh láidir á dhéanamh ag Parlaimint na hEorpa go scaoilfí Alexei Navalny saor láithreach agus gan choinníoll.’

Níor thug údaráis na Rúise aird ar bith ar na focail sin ná ar na héilimh a rinne an tAontas orthu arís agus arís eile. Coimeádadh Navalny i Réigiún Vladimir, soir ó Mhoscó, ar dtús, ach aistríodh go Kharp sa tSibéir é i mí na Nollag 2023.

Thángthas air an 16 Feabhra agus é marbh sa phríosún ina raibh sé faoi choimeád do thréimhse 19 mbliana, a gearradh air as cúiseanna a measadh go forleathan gur chúrsaí polaitiúla a spreag iad.

An 28 Feabhra, 12 lá tar éis bhás Navalny, labhair a bhean chéile, Yulia Navalnaya, le Parlaimint na hEorpa ag a suí iomlánach in Strasbourg. Ba léir go raibh sí corraithe agus an méid seo a leanas á rá aici:

‘Má theastaíonn uaibh Putin a chloí, caithfidh sibh a bheith nuálach, ní féidir libh a bheith leadránach. Tá Putin ina cheannaire ar dhrong coireachta eagraithe. Caithfidh sibhse agus gach duine againne cur i gcoinne na droinge coireachta, agus is é a bheidh sa nuálaíocht pholaitiúil sa chás seo ná na modhanna a úsáidtear chun an choireacht eagraithe a chomhrac a chur i bhfeidhm seachas na modhanna a úsáidtear i gcoinne an fhreasúra pholaitiúil. Ní nótaí taidhleoireachta atá ag teastáil, ach imscrúduithe ar chaimiléireacht airgeadais; ní ráitis faoi chúrsaí imní ach dul sa tóir ar dhaoine atá ceangailte leis an maifia in bhur dtíortha chun teacht ar na dlíodóirí agus an lucht airgeadais atá ag cabhrú go ciúin le Putin agus a chairde chun a gcuid airgid a cheilt.’

Agus í ag labhairt sa seomra tionóil, dúirt Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola:

‘Cáineann an Teach seo agus a Fheisirí a mharú ar an tslí is láidre agus is féidir. Is coir é ar gá imscrúdú idirnáisiúnta neamhspleách ina leith. Caithfear an chóir a thabhairt don domhan.’

I rún uaithi, cháin Parlaimint na hEorpa dúnmharú Alexei Navalny go láidir agus thacaigh sí go hiomlán le Yulia Navalnaya agus lena diongbháilteacht leanúint leis an obair a bhí ar siúl aige. Chuir na Feisirí i bhfios go láidir nach féidir gríosú cogaidh agus uathlathas réimeas na Creimile a chur i leith ghnáthphobal na Rúise. Chuir siad a ndlúthpháirtíocht in iúl chomh maith le gach duine sa Rúis agus níos faide i gcéin atá fós ag labhairt amach go cróga ar son na fírinne, ainneoin an chur faoi chois bhrúidiúil agus na ndroch-iarmhairtí pearsanta.

Tá an podchraoladh seo ar fáil i 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus i Rúisis. Is féidir leat éisteacht le tuilleadh podchraoltaí ar Europarl Radio, raidió gréasáin Pharlaimint na hEorpa.